

## Financial Guideline P21 - 2019-2020

### COVID-19 Financial Supports for the Full Return to School

#### 1. Introduction

The purpose of this guideline is to provide details of the COVID-19 financial supports that will be made available to primary schools to fully and safely reopen in a sustainable way while minimising risk associated with COVID-19, as outlined in [Department Circular 0045/2020](#). This should also be read in conjunction with the Department's document [The Roadmap for the full Return to School](#).

**All grants payments will start in advance of the school year commencing to allow for funds to be made available for schools.** Certain grants will be paid in full in mid-August to allow for reopening and others are paid by instalments during the school year (e.g. grant payments based on each school term). Schools are required to appropriately record costs paid from all grants received. The FSSU's template has been updated with new codes to record the additional COVID-19 grants, see Appendix A – FSSU Chart of Accounts.

#### 2. A new Minor Works Grant to Primary School to Support Full Implementation of COVID-19 Response Plans

The measures necessary to enable the full return to school may include, but are not limited to, reconfiguration of classroom space, re-purposing rooms to provide additional space, adapting storage facilities, purchasing furniture, altering desk layouts, adapting toilet areas, short term rental of additional space etc. Given that each school setting is different, individual schools are best placed to decide on the appropriate re-configuration measures for their school necessary to facilitate school re-opening. To support schools in this work, a once-off minor works grant will issue to primary schools by mid-August, which will amount to a doubling of the minor grant paid to schools.

- a) As per Circular 0062/2013, a €5,500 basic grant plus €18.50 per mainstream pupil and €74 per special needs pupil on the rolls on the 30th September of the year prior to the issue of the grant. (The €74 rate applies to a special needs pupil attending a special school or attending a special class attached to a mainstream school)
- b) An enhanced minor works grant, which matches (a)

The table below provides an illustrative example of the value of the minor works grant for primary schools of various sizes.

School Size	Current Minor Works Grant	Enhanced Covid -19 element	Total Minor Works Grant
60	€6,610	€6,610	€13,220
100	€7,350	€7,350	€14,700
200	€9,200	€9,200	€18,400
300	€11,050	€11,050	€22,100
400	€12,900	€12,900	€25,800
500	€14,750	€14,750	€29,500
Calculations in this table based on number of mainstream pupils only;			

In limited circumstances, the Department will consider applications from schools where the extent of necessary re-configuration works to enable full reopening is such that additional funding may be necessary. This will be considered on a case by case basis by the Department and contact should be made with the Department at [reopeningschools@education.gov.ie](mailto:reopeningschools@education.gov.ie).

### 3. Employing an aide to help with school reopening logistics

Schools may employ an aide(s) to assist with the physical and logistical arrangements necessary for school reopening including physical reconfiguration measures in schools setting up hand sanitising stations, signage, training, engaging with parents and staff etc. The daily rate payable is €143.32. This daily rate is inclusive of employers PRSI and holiday pay of 8%.

The table below sets out the number of days funding which is being provided by the Department based on school size.

Enrolment Range		No. of Days
From	To	
<300		2
301	600	5
>600		10
All Special Schools		10

The funding will be provided in the form of a grant payment and will issue to schools in mid-August.

#### 4. COVID-19 Capitation Grant

Schools will receive a COVID-19 Capitation grant to provide for enhanced cleaning and the purchase of necessary supplies of hand sanitiser and PPE for use in the school and classroom.

##### 4.1 Cleaning supports

Funding to support additional cleaning costs will be provided as outlined in the tables below in line with recognised pupil enrolment on 30 September 2019. The grant paid to schools with an enrolment of equal to or less than 60 pupils is based on a minimum enrolment of 60 pupils. Enhanced rates are payable in respect of students attending special schools and special classes attached to mainstream schools to assist with the extra costs associated with the cleaning of classrooms with a small number of students, operating specialist provision. The funding will be provided in the form of a grant paid in instalments, the first of which will issue in mid-August to cover the period to December 2020.

<b>COVID-19 Capitation Grant for Cleaning Costs– rate per pupil</b>	
Mainstream	€63
Special Class	€77

<b>Example of Covid-19 Capitation Grant for Cleaning Costs</b>	
<b>Pupil Enrolment</b>	<b>Value of Grant</b>
Up to 60	€3,780
100	€6,300
200	€12,600
400	€25,200
600	€37,800

Special Schools will receive an enhanced COVID-19 grant in line with the number of teachers allocated as per table below.

<b>Special Schools</b>	
<b>Number of Teachers</b>	<b>Enhanced funding</b>
1	€4,620
2	€4,774
3	€7,392
4	€10,010
5	€12,628
6	€15,169
7	€17,556
8	€19,866
9	€20,944
10	€23,485
11	€26,026
12	€28,567
13	€31,108
14	€33,649
15	€36,190
16	€38,731

#### **4.2 Purchase of hand sanitiser and PPE**

A drawdown framework has been established to enable schools to purchase necessary supplies of hand-sanitisers and PPE requirements. The procurement process for this framework is well advanced and it is intended that these materials will be available in early August. The COVID-19 capitation grant will also be the mechanism through which further additional funding will be provided to cater for school costs related to hand hygiene measures and PPE requirements. The funding will be paid in instalments the first of which will issue in mid-August to cover the period to December 2020.

#### **5. Developing Schools**

Schools that are currently in the developing stage, i.e. schools that opened since September 2013, will have the additional supports calculated based on the projected enrolment for September 2020.

#### **6. Department Helpline for schools**

For further queries in relation to [Department Circular 0045/2020](#) please contact the **Department's Helpline 057 9324461**. The Helpline is open from 9.15am to 5.00pm daily. Queries can also be sent by email to [reopeningschools@education.gov.ie](mailto:reopeningschools@education.gov.ie).

If you need any further information please email [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie)  
or phone (01) 910 4020

**Financial Support Services Unit**

July 2020

**Appendix A - FSSU - Chart of Accounts**

<b>Nominal Code</b>	<b>Description</b>	<b>Type</b>	<b>Category</b>
3280	COVID Aide Grant	Income	Department of Education & Skills Income
3281	COVID Capitation for Cleaning and PPE Grant	Income	Department of Education & Skills Income
5801	COVID Aide Grant Expense	Expenditure	Repairs, Maintenance & Establishment
5802	COVID Capitation for Cleaning and PPE Grant Expense	Expenditure	Repairs, Maintenance & Establishment
2181	COVID Aide Grant Unspent	Current Liability	Accruals
2182	COVID Capitation for Cleaning and PPE Grant Unspent	Current Liability	Accruals

## Treoir Airgeadais P21 - 2019-2020

### Tacaíochtaí Airgeadais COVID-19 don Fhilleadh Iomlán ar an Scoil

#### 7. Réamhrá

Is é aidhm na treoirlíne seo sonraí a sholáthar faoi na tacaíochtaí airgeadais COVID-19 a chuirfear ar fáil do bhunscoileanna le go mbeidís in ann oscailt go hiomlán sábháilte ar bhealach inmharthana, agus ag an am céanna, an riosca a bhaineann le COVID-19 a mhaolú, mar atá leagtha amach i [gCiorclán 0045/2020](#) ón Roinn. Ba chóir é seo a léamh freisin in éineacht le doiciméad eile ón Roinn dar teideal [Treochlár chun Filleadh go hIomlán ar an Scoil](#).

**Aon íocaíochtaí deontais, cuirfear tús leo sula dtosóidh an scoilbhliain ionas go mbeifear in ann soláthar a dhéanamh le haghaidh cistí do scoileanna.** Tá deontais áirithe ann a íocfar ina n-iomláine i lár mhí Lúnasa chun an athoscailt a éascú, agus i gcás deontais eile, déanfar iad a íoc ina dtráthchodanna le himeacht na scoilbhliana (m.sh. íocaíochtaí deontais bunaithe ar gach téarma scoile). Is gá do scoileanna taifead cuí a choinneáil ar na costais a chlúdófar leis na deontais go léir arna bhfáil acu. Tá na cóid nua a bhaineann le deontais nua COVID-19 curtha le teimpléad an FSSU, féach Aguisín A – Cairt Cuntas FSSU.

#### 8. Deontas Mionoibreacha do Bhunscoileanna chun Tacú le Cur i bhFeidhm Iomlán na bPleananna Freagartha do COVID-19

Ar na bearta a bhféadfadh go mbeadh gá leo chun fillleadh iomlán ar an scoil a éascú, ach gan bheith teoranta do na bearta sin, áirítear atheagrú an spáis i seomraí ranga, úsáidí difriúla a bhaint as seomraí chun spás breise a sholáthar, áiseanna stórála a oiriúnú, troscán a cheannach, leagan amach binsí a athrú, limistéir leithris a chur in oiriúint, spás breise a fháil ar cíos ar bhonn gearrthearma srl. Ós rud é go bhfuil difríochtaí idir na suímh atá ag scoileanna, is faoin scoil aonair atá sé cinneadh a dhéanamh faoi na bearta atheagraithe cuí a chuirfidh siad i bhfeidhm ina scoil féin chun athoscailt na scoile a éascú. Chun tacú le scoileanna san obair seo, eiseofar deontas aonuaire mionoibreacha do gach bunscoil faoi lár mhí Lúnasa. Beidh an deontas seo dhá oiread níos mó ná an deontas mionoibreacha a íocfar le scoileanna de ghnáth.

- c) De réir Chiorclán 0062/2013, deontas bunúsach €5,500 móide €18.50 in aghaidh an dalta príomhshrutha agus €74 in aghaidh an dalta riachtanas speisialta a bhí ar an rolla ar an 30 Meán Fómhair an bhliain roimh eisiúint an deontais. (Beidh feidhm ag an ráta €74 i gcás dalta riachtanas speisialta atá ag freastal ar scoil speisialta nó dalta riachtanas speisialta atá ag freastal ar rang speisialta i scoil phríomhshrutha)

d) Deontas feabhsaithe mionoibreacha, arb ionann é agus (a)

Sa tábla thíos, tá sampla léiritheach de luach an deontais mionoibreacha do bhunscoileanna éagsúla.

School Size	Current Minor Works Grant	Enhanced Covid -19 element	Total Minor Works Grant
60	€6,610	€6,610	€13,220
100	€7,350	€7,350	€14,700
200	€9,200	€9,200	€18,400
300	€11,050	€11,050	€22,100
400	€12,900	€12,900	€25,800
500	€14,750	€14,750	€29,500

Calculations in this table based on number of mainstream pupils only;

I gcúinsí teoranta, cuirfidh an Roinn iarratais ó scoileanna san áireamh, ina bhfuil maoiniú breise ag teastáil, b'fhéidir, toisc go bhfuil an oiread sin oibreacha atheagraithe le déanamh chun athoscailt iomlán na scoile a éascú. Déanfaidh an Roinn machnamh ar na hiarratais sin ar bhonn cás ar chás, agus ba chóir dul i dteagmháil leo ag [reopeningschools@education.gov.ie](mailto:reopeningschools@education.gov.ie).

### 9. Cúntóir a cheapadh chun cabhrú maidir leis an lóistíocht a bhaineann leis an scoil a athoscailt

Is féidir le scoileanna cúntóir(i) a cheapadh chun cabhrú leo maidir leis na socrúithe fisiciúla agus lóistíochtúla ar gá leo chun an scoil a athoscailt, lena n-áirítear bearta athchumraithe fhisiciúil i scoileanna, stáisiúin díghalrán lámh a chur ar bun, comharthaíocht, oiliúint, déileáil le tuismitheoirí agus baill foirne, srl. Is é €143.32 an ráta iníoctha laethúil. Áirítear sa ráta laethúil sin ÁSPC fostóra agus pá saoire 8%.

Leagtar amach sa tábla thíos líon na laethanta maoinithe atá á chur ar fáil ag an Roinn de réir mhéid na scoile.

Enrolment Range		No. of Days
From	To	
<300		2
301	600	5
>600		10
All Special Schools		10

Cuirfean an maoiniú ar fáil i bhfoirm íocaíocht deontais, agus tabharfar do scoileanna é i lár mhí Lúnasa.

## 10. Deontas Caipitíochta COVID-19

Gheobhaidh scoileanna Deontas Caipitíochta COVID-19 chun soláthar a dhéanamh do ghlantachán feabhsaithe agus do cheannach soláthairtí díghalráin lámh agus trealaimh cosanta phearsanta lena n-úsáid sa scoil agus sa seomra ranga.

### 4.1 Tacaíochtaí glantacháin

Cuirfear maoiniú ar fáil chun tacú le costais ghlantacháin bhreise, mar atá leagtha amach sna táblaí thíos i gcomhréir leis an líon aitheanta daltaí atá ar an rolla amháil ar an 30 Meán Fómhair 2019. An deontas a íocfar le scoileanna a bhfuil 60 dalta nó níos lú ar a rolla, beidh sé bunaithe ar rollú íosta de 60 dalta. Tá rátaí méadaithe iníoctha i ndáil le daltaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna speisialta agus ar ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, chun cabhrú leo leis na costais bhreise a bhaineann le glanadh seomraí ranga ina bhfuil líon beag daltaí agus le soláthar speisialta a chur ar fáil. Cuirfear an maoiniú ar fáil i bhfoirm deontais a íocfar ina thráthchodanna; eiseofar an chéad cheann díobh i lár mhí Lúnasa agus clúdóidh sin an tréimhse go dtí Nollaig 2020.

<b>COVID-19 Capitation Grant for Cleaning Costs– rate per pupil</b>	
Mainstream	€63
Special Class	€77

<b>Example of Covid-19 Capitation Grant for Cleaning Costs</b>	
<b>Pupil Enrolment</b>	<b>Value of Grant</b>
Up to 60	€3,780
100	€6,300
200	€12,600
400	€25,200
600	€37,800

Gheobhaidh scoileanna speisialta deontas feabhsaithe COVID-19 a bheidh i gcomhréir le líon na múinteoirí leithdháilte, de réir an tábla thíos

<b>Special Schools</b>	
<b>Number of Teachers</b>	<b>Enhanced funding</b>
1	€4,620
2	€4,774
3	€7,392
4	€10,010
5	€12,628
6	€15,169
7	€17,556
8	€19,866
9	€20,944
10	€23,485
11	€26,026
12	€28,567
13	€31,108
14	€33,649
15	€36,190
16	€38,731



## **4.2 Ceannach Díghalráin Lámh agus Trealamh Cosanta Phearsanta**

Tá creat tarraingthe anuas curtha ar bun chun cur ar chumas scoileanna na soláthairtí riachtanacha díghalráin lámh agus trealamh cosanta phearsanta a cheannach. Tá an próiseas soláthair don chreat sin beagnach tugtha chun críche agus táthar ag súil go mbeidh na hábhair thuas ar fáil go luath i mí Lúnasa. Anuas air sin, beidh an Deontas Caipitíochta COVID-19 mar an mheicníocht a úsáidfear chun maoiniú breise a sholáthar, a fhreastalóidh ar na costais scoile a bhaineann le bearta sláinteachais lámh agus leis na riachtanais maidir le trealamh cosanta phearsanta. Íocfar an maoiniú ina thráthchodanna agus eiseofar an chéad cheann díobh i lár mhí Lúnasa agus clúdóidh sin an tréimhse go dtí Nollaig 2020.

## **11. Scoileanna sa Chéim Forbartha**

I gcás scoileanna atá sa chéim forbartha faoi láthair, is é sin, scoileanna a d'oscail ó bhí Meán Fómhair 2013 ann, déanfar tacaíochtaí breise dóibh siúd a ríomh, bunaithe ar an líon measta daltaí ar an rolla le haghaidh Mheán Fómhair 2020.

## **12. Líne Chabhrach na Roinne i gcomhair Scoileanna**

Má tá ceist ar bith eile agat i ndáil le [Ciorclán 0045/2020 ón Roinn](#), bí i dteagmháil le **Líne Chabhrach na Roinne ar 057 9324461**. Bíonn an líne chabhrach ar oscailt ó 9.15am go dtí 5.00pm gach lá. Is féidir ceisteanna a sheoladh trí ríomhphost freisin chuig [reopeningschools@education.gov.ie](mailto:reopeningschools@education.gov.ie).

Má bhíonn tuilleadh eolais uait, cuir r-phost chuig [primary@fssu.ie](mailto:primary@fssu.ie) nó cuir glao ar (01) 910 4020

**An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais**

Iúil 2020

<b>Aguisín A - FSSU - Cairt Cuntas</b>			
<b>Cód Ainmniúil</b>	<b>Cur síos</b>	<b>Cineál</b>	<b>Catagóir</b>
3280	Deontas do Chúntóir COVID-19	Ioncam	Ioncam ón Roinn Oideachais & Scileanna
3281	Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta	Ioncam	Ioncam ón Roinn Oideachais & Scileanna
5801	Costas faoin Deontas do Chúntóir COVID-19	Caiteachas	Deisiúcháin, Cothabháil agus Bunú
5802	Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh na gCostas a bhaineann le Glantachán agus Trealamh Cosanta Pearsanta	Caiteachas	Deisiúcháin, Cothabháil agus Bunú
2181	Deontas do Chúntóir COVID-19 gan Chaitheamh	Dlíteanas Reatha	Fabhruithe
2182	Deontas Caipitíochta COVID le haghaidh Glantacháin agus Trealamh Cosanta Pearsanta gan Chaitheamh	Dlíteanas Reatha	Fabhruithe